**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0160/2024**

25.3.2024

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a mhéid a bhaineann leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a nuachóiriú
(COM(2023)0278 – C9-0180/2023 – 2023/0166(COD))

an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Stéphanie Yon-Courtin

### *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................4

IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ..........................................................................................................................................17

NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ..........................................................................18

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........19

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a mhéid a bhaineann leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a nuachóiriú**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0278),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0180/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2023[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0160/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] IO C, C/2024/881, 6.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/881/oj.

**Leasú 1**

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA[*]

ar an togra ón gCoimisiún

---------------------------------------------------------

2023/0166 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a mhéid a bhaineann leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a nuachóiriú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,
ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,
tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,
ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,
de bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceann de phríomhchuspóirí Aontas na Margaí Caipitil (CMU) is ea a áirithiú gur féidir le tomhaltóirí tairbhiú go hiomlán de na deiseanna infheistíochta a bhaineann leis na margaí caipitil. Chun gur féidir leo é sin a dhéanamh, ní mór tacú le tomhaltóirí trí chreat rialála lena gcumhachtaítear iad cinntí infheistíochta a dhéanamh a chomhfhreagraíonn dá riachtanais agus dá n-aidhmeanna agus a chosnaíonn go leordhóthanach iad sa mhargadh aonair. Leis an bpacáiste beart faoi straitéis infheistíochta miondíola an Aontais, féachtar le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh, lena n-áirítear na heasnaimh sin i réimse na faisnéise atá ar fáil d'infheisteoirí miondíola.

***(1a) Ní bhainfidh Aontas na Margaí Caipitil (CMU) a spriocanna amach ach amháin má thuigeann na saoránaigh a bhfuil i gceist leis agus, chuige sin, tá sé ríthábhachtach ardleibhéil litearthachta airgeadais agus cosanta infheisteoirí a ráthú. Tá difríochtaí suntasacha idir leibhéil litearthachta airgeadais ar fud na mBallstát agus tá gá le reachtaíocht an Aontais lena chinntiú go n-éascófar rochtain ar na margaí***

[*] Leasuithe: tá téacs nua nó téacs atá curtha in ionad téacs eile aibhsithe le cló trom iodálach; agus tá téacs scriosta léirithe leis an tsiombail ▌.

***airgeadais, ní hamháin trí rialacha comhréireacha agus soiléire, ach trí chéimeanna nithiúla i dtreo an tsimplithe freisin.***

(2) Le hAirteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, sainmhínítear táirgí infheistíochta miondíola pacáistithe nó 'PRIPanna' mar infheistíochtaí i gcás ina bhfuil an méid is inaisíoctha leis an infheisteoir miondíola, gan beann ar fhoirm dhlíthiúil na hinfheistíochta, faoi réir luaineachtaí mar gheall ar neamhchosaint ar luachanna tagartha nó ar fheidhmíocht sócmhainne nó sócmhainní nach gceannaíonn an t-infheisteoir miondíola go díreach. Níor cheart a mheas gur luaineacht den sórt sin é cumas an mhonaróra an infheistíocht a fhuascailt go luath trí chlásal déanta-iomlán a thruicearú. Ba cheart an méid sin a léiriú sa sainmhíniú ar PRIPanna.

(3) I gcás ina dtugann PRIIPanna raon roghanna maidir le hinfheistíochtaí don infheisteoir miondíola, d'fhéadfadh an fhaisnéis faoi na roghanna éagsúla sin a bheith i ndoiciméid éagsúla. Fágann sé sin go bhfuil sé deacair d'infheisteoirí miondíola a bhfuil suim acu na PRIIPanna sin a cheannach costais iomlána na PRIIPanna a shainaithint. Dá bhrí sin, is gá uirlisí a sholáthar d'infheisteoirí miondíola, lena n-áirítear uirlisí ionsamhlúcháin, chun rochtain a fháil ar chostais iomlána na PRIIPanna sin agus chun comparáid a dhéanamh eatarthu sula roghnóidh siad rogha infheistíochta ar leith. Le rialacha níos mionsonraithe maidir le húsáid na n-uirlisí sin, ba cheart infheictheacht níos fearr i dtaca le costais iomlána na dtáirgí sin a áirithiú agus san am céanna solúbthacht áirithe a cheadú agus uirlisí ionsamhlúcháin á n-úsáid.

***(3a) Is é is aidhm don Doiciméad Faisnéise Bunriachtanaí (KID) inchomparáideacht idir PRIIPanna a áirithiú. Go dtí seo, bhí sé deacair d'infheisteoirí miondíola PRIIPanna a chur i gcomparáid lena chéile trí úsáid a bhaint as an doiciméad faisnéise bunriachtanaí. Ba cheart, áfach, go mbeadh infheisteoirí miondíola in ann rochtain éasca a fháil ar fhoinsí faisnéise iontaofa agus neamhspleácha, d'fhonn a bheith in ann cinntí infheistíochta eolasacha a dhéanamh ar bhonn comparáid chuimsitheach idir na roghanna infheistíochta éagsúla atá ar fáil san Aontas. Cé go bhfuil uirlisí ar líne ann cheana i roinnt Ballstát, tá éagsúlacht ann maidir lena n-infhaighteacht i measc na mBallstát. Is gá, dá bhrí sin, a chur ar chumas ESMA agus ÚEÁPC uirlis comparáide neamhspleách ar líne de chuid an Aontais a fhorbairt, bunaithe ar shonraí doiciméad faisnéise bunriachtanaí a bheidh ar fáil faoin bPointe Rochtana Aonair Eorpach. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin ar chumas infheisteoirí miondíola comparáid a dhéanamh idir táirgí, ar choinníoll go bhfuil siad inchomparáide. Ba cheart go gcuirfeadh an uirlis chomparáide ar chumas an infheisteora miondíola catagóirí táirgí a scagadh de réir Ballstáit. Ba cheart nasc chuig an uirlis sin a nochtadh sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí a luaithe a bheidh an uirlis ar fáil. Ba cheart go n-éascódh an uirlis sin rannpháirtíocht infheisteoirí miondíola i margaí caipitil toisc go gcuirfeadh sí foinse faisnéise níos áisiúla, níos trédhearcaí agus níos iontaofa ar fáil dóibh maidir le gnéithe cáilíochtúla, costais, riosca agus toradh ar infheistíocht gach táirge tráchtálaithe ábhartha.***

(4) Tá níos mó faisnéise á lorg ag infheisteoirí miondíola maidir le feidhmíocht inbhuanaitheachta táirgí infheistíochta, lena n-áirítear PRIIPanna. Le gníomhartha reachtacha de chuid an Aontais le déanaí, tugadh isteach roinnt oibleagáidí nochta a d'fhéadfaí a ghiaráil chun infheisteoirí miondíola a chur ar an eolas, go háirithe

Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. D'fhéadfadh sé, áfach, nach mbeadh an nochtadh sin le feiceáil go leordhóthanach ag infheisteoirí miondíola. Dá bhrí sin, is gá faisnéis áirithe faoi phróifíl inbhuanaitheachta na PRIIPanna a chur leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí. Chun costais tuairiscithe bhreise a sheachaint, ba cheart an fhaisnéis chomhshaoil, shóisialta agus rialachais sin a thógáil ó na nochtaí a sholáthraíonn monaróirí táirgí de bhun Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán (AE) 2020/852.

***(4a) Ionas nach mbainfear an bonn ó shothuigtheacht agus ó fhiúntacht na faisnéise, ba cheart do na ÚMEnna níos mó solúbthachta a cheadú ina gcuid moltaí maidir le cineál na faisnéise atá le soláthar sa roinn feidhmíochta den doiciméad faisnéise bunriachtanaí. I bhformhór na gcásanna, ba cheart cásanna feidhmíochta réamhbhreathnaitheacha a áireamh sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí. Mar sin féin, i líon teoranta cásanna, nuair a d'fhéadfadh na cásanna sin a bheith míthreorach, ba cheart feidhmíocht roimhe seo a áireamh sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí le haghaidh PRIIPanna ábhartha.***

(5) Le digitiú méadaithe, cuirtear deiseanna ar fáil ***chun nuachóiriú agus simpliú a dhéanamh ar an bhforáil maidir le doiciméid faisnéise bunriachtanaí PRIIPanna a chur ar fáil trí thosaíocht a bhunú go soláthrófaí doiciméid faisnéise bunriachtanaí i bhformáid leictreonach, agus é á shoiléiriú ag an am céanna go bhféadfaidh an cliant leagan páipéir den doiciméad faisnéise bunriachtanaí PRIIPanna a iarraidh saor in aisce. Chun críocha an Rialacháin seo, d'fhéadfaí a mheas gur meán marthanach é suíomh gréasáin a chomhlíonann ceanglais áirithe. Le digitiú méadaithe, cuirtear deiseanna ar fáil freisin*** chun príomhghnéithe PRIIPanna a chur i láthair ar bhealach níos tarraingtí. Le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, áfach, ní thugtar dóthain solúbthachta chun modhanna digiteacha a úsáid chun faisnéis bhunriachtanach a thaispeáint d'infheisteoirí amhail faisnéis ó dhoiciméid faisnéise bunriachtanaí PRIIPanna a chur i láthair ar bhealach srathach agus pearsantaithe lena laghdófaí ró-ualach amhairc na n-infheisteoirí miondíola agus lena n-éascófaí a dtuiscint ar an PRIIP lena mbaineann. Dá bhrí sin, is gá níos mó solúbthachta a thabhairt isteach maidir le húsáid na formáide leictreonaí ionas gur féidir le hinfheisteoirí tairbhiú go hiomlán den fhéidearthacht a bhaineann le doiciméad faisnéise bunriachtanaí a sholáthar i bhformáid leictreonach, lena n-áirítear tríd an méid is mian leo a infheistiú nó an tréimhse shealbhaíochta a shaincheapadh, de réir a sainroghanna. Ní thugtar le tuiscint leis an bpearsantú sin measúnú sholáthraí na PRIIPanna ar shaintréithe aonair an infheisteora miondíola ionchasaigh. Ba cheart an doiciméad faisnéise bunriachtanaí trí leathanach a tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 8 i gcónaí agus ba cheart é a bheith ar fáil ar shuíomh gréasáin an mhonaróra i gcónaí freisin. Mar sin féin, d'fhéadfaí an fhaisnéis bhunriachtanach atá ann a sholáthar d'infheisteoirí miondíola ar bhealach solúbtha agus pearsantaithe, fad a chuirtear infheisteoirí miondíola ar an eolas gur féidir leo an doiciméad faisnéise bunriachtanaí iomlán a íoslódáil.

---

[2] Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

(6) Ba cheart don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, don Údarás Baincéireachta Eorpach agus don Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (‘ÚMEnna’) na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt a mhéid a bhaineann le hábhar na ndeaiseanna agus leis na prionsabail maidir le roghanna srathaithe agus digiteacha a úsáid agus úsáid á baint as formáid leictreonach. Ba cheart don Choimisiún na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh, nó iad a leasú a thuilleadh, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010[4], (AE) 1094/2010[5] agus Rialachán (AE) 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

(7) Chun a áirithiú go ndéanfaidh infheisteoirí miondíola cinneadh infheistíochta eolasach i gcónaí, ba cheart an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a choinneáil cothrom le dáta. Ba cheart a shonrú sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála na coinníollacha faoinar cheart an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a athbhreithniú, agus idirdhealú á dhéanamh idir PRIIPanna a chuirtear ar fáil fós d’infheisteoirí miondíola agus PRIIPanna nach gcuirtear ar fáil a thuilleadh. Agus an doiciméad faisnéise bunriachtanaí á choinneáil cothrom le dáta, ba cheart é a bheith gan dochar don fhíoras gur cheart do mhonaróirí an fhaisnéis réamhchonarthach atá sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí, a cuireadh ar fáil d’infheisteoirí miondíola roimh a n-infheistíocht, a chomhlíonadh.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a leasú dá réir sin.

(9) Ní mór dóthain ama a thabhairt do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha chun sonraíochtaí a dhréachtú le haghaidh phríomhghnéithe na rialacha leasaithe agus chun go mbeidh monaróirí PRIIPanna in ann eolas a chur ar na sonraíochtaí sin. Dá bhrí sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 1286/2014*

Leasaítear Rialachán (AE) 1286/2014 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2(2) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) urrúis dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointí (b) go (e), agus pointe (g) de Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*];’;

(b) cuirtear leis pointe (h) mar a leanas:

[4] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún, (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

[5] Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

[6] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

‘(h) táirgí pinsin ***ar blianachtaí iad agus nach bhfuil céim charntha acu (***blianachtaí láithreacha***)***’;

---

* Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12).;

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina bhfuil monaróirí PRIIP atá faoi réir an Rialacháin seo faoi réir Rialachán (AE) 2017/1129 freisin, beidh feidhm ag an Rialachán seo agus ag Rialachán (AE) 2017/1129 araon.’;

(3) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) i bpointe (1), cuirtear an téacs seo a leanas isteach tar éis na habairte deireanaí:

‘, ach amháin mura gcuirtear na luaineachtaí sin ach i leith clásal déanta-iomlán mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(44a) de Threoir 2014/65/AE.’

***(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):***

***‘(5) ciallaíonn ‘dáileoir PRIIP’duine a thugann comhairle ar chomh PRIIP d'infheisteoir miondíola, a thairgeann é, a dhíolann é nó a thugann i gcrích leis é***;’

(b) Cuirtear isteach an pointe (7a) seo a leanas:

‘(7A) ciallaíonn ‘formáid leictreonach’ ***formáid leictreonach mar a shainmhínítear í in Airteagal 4(1), pointe (62a) de Threoir 2014/65/AE;’***;

(4) ▌***Leasaítear Airteagal 6 mar seo a leanas:***

***(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:***

***“2. Doiciméad neamhspleách a bheidh sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí ar léir nach bhfuil baint aige le hábhair mhargaíochta. Ní dhéanfar aon chrostagairtí d'ábhar margaíochta ná d’aon mholtaí infheistíochta ann. Féadfar crostagairtí a dhéanamh ann do dhoiciméid eile lena n-áirítear réamheolaire nuair is infheidhme, ach amháin i gcás ina mbaineann an chrostagairt leis an bhfaisnéis a chaithfear a chur sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí de réir an Rialacháin seo.’;***

***(b)*** cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

“3. De mhaolú ar mhíreanna 2 ***agus 4, i gcás ina dtairgeann monaróir PRIIP raon roghanna infheistíochta don infheisteoir miondíola, soláthróidh an monaróir PRIIP tuairisc chineálach ar na roghanna infheistíochta agus féadfaidh sé an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 8(3) a sholáthar maidir leis na roghanna infheistíochta éagsúla i ndoiciméid ar leithligh. An fhaisnéis a cuireadh ar fáil maidir le gach rogha infheistíochta bhunúsach:***

***(a) ní fhéadfar ach na costais a bhaineann leis an rogha bhunúsach infheistíochta a áireamh, ar choinníoll go gcuirfear costais fhoriomlána an PRIIP a bhaineann leis an rogha infheistíochta sin san áireamh ar leithligh sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí don infheisteoir miondíola;***

*(b)* ***nach mbeidh níos mó ná ceithre thaobh de pháipéar A4 ann nuair a bheidh sé priontáilte.***

***Ina theannta sin, éascóidh monaróirí PRIIP comparáid idir roghanna bunúsacha infheistíochta éagsúla trí úsáid a bhaint as tábla achomair nó as uirlisí comparáide eile, amhail sásra scagtha.***';

***(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:***

***"4. Doiciméad gearr a bheidh sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí, a bheidh scríofa ar bhealach beacht agus nach mbeidh níos mó ná ceithre thaobh ar a mhéad de leathanach A4 agus é clóite, agus inchomparáideacht á cur chun cinn ar an tslí sin. Déanfaidh sé na nithe seo a leanas:***

***(a) a chuirfear i láthair é agus a bheidh sé leagtha amach sa dóigh is go bhfuil sé éasca a léamh, ag úsáid carachtair atá inléite ó thaobh méide de;***

***(b) díreofar ann ar an bhfaisnéis bunriachtanach a theastaíonn ó infheisteoirí miondíola;***

***(c) beidh siad curtha in iúl go soiléir agus scríofa i bhfriotal soiléir, gonta agus sothuigthe agus i stíl lena n-éascaítear an tuiscint ar an bhfaisnéis.';***

(5) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear isteach pointe (aa):

'(aa)faoi roinn dar teideal 'Sracfhéachaint ar an táirge' deais ina bhfuil faisnéis achoimrithe maidir le gach ceann de na nithe seo a leanas:

(i) an cineál PRIIP, dá dtagraítear i bpointe (c)(i);

(ii) an táscaire achomair riosca dá dtagraítear i bpointe (d)(i);

(iii) costais iomlána an PRIIP;

(iv) an tréimhse shealbhaíochta mholta dá dtagraítear i bpointe (g)(ii);

(v) cé acu a chuireann nó nach gcuireann an PRIIP sochair árachais dá dtagraítear i bpointe (c) (iv) ar fáil, ***lena n-áirítear ce acu a thairgtear nó nach dtairgtear ráthaíochtaí airgeadais leis an PRIIP***;'

(b) i mír 3, ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** phointe (b):

***'(b) i gcás inarb infheidhme, rabhaidh iomchuí faoi na rioscaí sonracha a bhaineann le caillteanais fhéideartha a bhaineann le hionstraimí airgeadais a bhfuil ardriosca ag baint leo i gcomhréir le hAirteagal 24(5c) de Threoir 2014/65/AE nó le táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe a bhfuil ardriosca ag baint leo i gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Threoir (AE) 2016/97;***

***Chun comhairliúchán agus comparáid sonraí a éascú, déanfaidh ESMA agus ÚEÁPC, i gcomhar le NCAanna, uirlis comparáide neamhspleách ar líne a fhorbairt le haghaidh táirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe. Ar a laghad áireofar san uirlis sin faisnéis a bhaineann le feidhmíocht, leibhéal riosca, tréimhse shealbhaíochta mholta agus costais agus táillí PRIIP, agus luafar a ghnéithe cáilíochtúla.***

***Forbrófar an uirlis chomparáide trí úsáid a bhaint as sonraí an doiciméid faisnéise bunriachtanaí arna soláthar ag an bPointe Rochtana Aonair***

***Eorpach arna bhunú le Rialachán (AE) xxxx/xxxx (ESAP). Agus an uirlis comparáide neamhspleách ar líne á forbairt, déanfaidh ESMA agus ÚEÁPC tástáil tomhaltóirí.***
***Beidh an uirlis chomparáide neamhspleách ar fáil 12 mhí ar a dhéanaí tar éis do dhoiciméid faisnéise bunriachtanaí a bheith ar fáil ar an bPointe Rochtana Aonair Eorpach. Cuirfear nasc chuig an gcomparadóir neamhspleách ar líne, a luaithe a bheidh sé ar fáil, leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí. Déanfaidh cuideachtaí bainistíochta, gnólachtaí infheistíochta agus idirghabhálaithe árachais úsáid na huirlise comparáide ar líne a chur chun cinn ar a suíomhanna gréasáin, lena n-áirítear in ábhar margaíochta ábhartha.';***

(c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c), pointe (ii):

'(ii) cuspóirí airgeadais an PRIIP agus na modhanna chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus go háirithe cé acu a bhainfear nó nach mbainfear na cuspóirí sin amach trí bhíthin neamhchosaint dhíreach nó indíreach ar na sócmhainní foluiteacha infheistíochta, lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas ar fad:

(1) tuairisc ar ***shócmhainní foluiteacha infheistíochta*** nó ar luachanna tagartha;

(2) sonraíocht na margaí a ndéanann an PRIIP infheistíocht iontu;

(3) faisnéis faoin gcaoi a gcinntear an toradh;';

***(ca) i mír 3, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:***

***'(ca) maidir le PRIIPanna ar a nochtfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faisnéis réamhchonarthach de bhun Airteagal 8 agus 9 de Rialacháin (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoi roinn dar teideal 'Cé chomh hinbhuanaithe atá an táirge seo ó thaobh an chomhshaoil de?', an fhaisnéis seo a leanas:***

***(i) an cion íosta d'infheistíocht an PRIIP a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;***
***(ii) an déine astaíochtaí gás teasa a mheastar a bheidh ann a bhaineann leis an PRIIP de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 más infheidhme maidir leis an táirge;'***

***(iii) cibé, i ndáil leis an PRIIP, ar bhreithnigh an monaróir PRIIP drochthionchair phríomha an chinnidh infheistíochta ar thosca inbhuanaitheachta de bhun Rialachán (AE) 2019/2088;***

***(cb) i gcás táirgí a chumhdaítear le hAirteagal 8 nó 9 de Rialachán (AE) 2019/2088, nasc chuig faisnéis bhreise ábhartha maidir le nochtadh dá bhforáiltear faoi Airteagal 10(1)(c) de Rialachán (AE) 2019/2088;';***

***(cb) i mír 3, leasaítear pointe (d), pointe (iii) mar a leanas:***

***'(iii) faisnéis iomchuí maidir le feidhmíocht an táirge, agus na boinn tuisceana a úsáidtear chun é a shamhlú. I gcás ina soláthrófar faisnéis maidir le feidhmíocht amach anseo, bunófar ar chásanna feidhmíochta é;';***

(d) ▌

(e) Scriostar mír 4.

***(ea) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:***

***'I gcomhar le Comhchoiste an Údaráis Eorpaigh Maoirseachta ('Comhchoiste'), tar éis dóibh tástáil tomhaltóirí a dhéanamh, agus d'fhonn deimhniú go gcuirtear an tAirteagal seo chun feidhme ar bhonn comhsheasmhach, forbróidh ÚMEnna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar na nithe seo a leanas:***

***(a) na mionsonraí a bhaineann le cur i láthair agus ábhar na n-eilimintí faisnéise go léir dá dtagraítear i mír 3;***

***(b) an mhodheolaíocht atá mar bhonn le cur i láthair an riosca agus na luaíochta dá dtagraítear i bpointí (d) (i) agus (iii) de mhír 3; agus***

***(c) an mhodheolaíocht chun na costais a ríomh, lena n-áirítear sonrú na dtáscairí achoimre, dá dtagraítear i bpointe (f) de mhír 3.***

***Agus na dréachtchaighdeáin rialála theicniúla á bhforbairt, cuirfidh ÚMEnna na cineálacha áirithe PRIIPanna, na difríochtaí eatarthu agus na cumais atá ag infheisteoirí miondíola i gcuntas, chomh maith leis na gnéithe de PRIIPanna chun ligean don infheisteoir miondíola rogha a dhéanamh idir infheistíochtaí foluiteacha éagsúla nó roghanna eile dá bhforáiltear leis an táirge, lena n-áirítear cásanna inar féidir an rogha sin a dhéanamh ag pointí éagsúla ama, nó inar féidir an rogha a athrú amach anseo. Nuair is iomchuí, ní mór cuir chuige éagsúla a ghlacadh do chineálacha éagsúla táirge (i.e grúpaí nó catagóirí) chun faisnéis atá cothrom, soiléir agus nach bhfuil míthreorach a sholáthar d'infheisteoirí miondíola.***

***I ndáil le cur i láthair agus ábhar na faisnéise dá dtagraítear i mír 3, pointe (ca), cuirfidh ÚMEnna na nochtuithe táirgí airgeadais a rinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/2088 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 i gcuntas. Déanfar ailíniú leis an Rialachán seo a áirithiú a mhéid is gá chun cuspóirí na ndoiciméad faisnéise bunriachtanaí a bhaint amach agus chun inléiteacht na faisnéise d'infheisteoirí miondíola ionchasacha a chaomhnú.***

(f) I mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Cuirfidh na ÚMEnna na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].'

---

[**] Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

*** Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na mionsonraí maidir le hábhar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil leis an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’, lena sonraítear ábhar, modheolaíochtaí agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le táscairí inbhuanaitheachta agus drochthionchair inbhuanaitheachta, agus ábhar agus cur i láthair na faisnéise i ndáil le cur chun cinn saintréithe comhshaoil nó sóisialta agus cuspóirí infheistíochta inbhuanaithe i ndoiciméid réamhchonarthacha, ar shuíomhanna gréasáin agus i dtuarascálacha tréimhsiúla (IO L 196, 25.7.2022, lch. 1).

****Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).’;

***(fa) i mír 5, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:***

***‘Cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir an Rialacháin leasaithigh seo] agus tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA agus ÚEÁPC, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an méid ailínithe idir nochtadh réamhchonarthach na faisnéise dá dtagraítear i mír 3, pointe (ca), den Rialachán seo agus an creat um nochtadh réamhchonarthach atá in Airteagail 8 agus 9 de Rialachán (AE) 2019/2088. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir lena phríomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil lena n-áiritheofar an t-ailíniú sin a mhéid atá sé ag luí le cuspóirí na ndoiciméad faisnéise bunriachtanaí.’***

***(5a) <u>Leasaítear Airteagal 10(1) mar a leanas:</u>***

***“1. Déanfaidh an monaróir PRIIP an fhaisnéis atá sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí a athbhreithniú go rialta agus déanfaidh sé an doiciméad a leasú má léiríonn an t-athbhreithniú gur gá athruithe a dhéanamh. Déanfar an leagan athbhreithnithe a chur ar fáil go pras.***

***De mhaolú ar an gcéad fhomhír, scoirfidh an ceanglas chun athbhreithniú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí d’fheidhm a bheith aige i gcás nach bhfuil an PRIIP oscailte a thuilleadh do shíntiúis nua agus nach féidir é a cheannach ar mhargadh tánaisteach.”;***

(6) ***in*** Airteagal 10(2), ▌ cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) na coinníollacha nach mór an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a athbhreithniú fúthu, agus idirdhealú á dhéanamh idir PRIIPanna a chuirtear ar fáil fós d’infheisteoirí miondíola agus PRIIPanna ***nach gcuirtear ar fáil a thuilleadh do shíntiúis nua agus nach féidir a cheannach ar mhargadh tánaisteach***;’

▌

***(6a) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:***

***(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:***

***“1. Soláthróidh dáileoir PRIIP an doiciméad faisnéise bunriachtanaí do na hinfheisteoirí miondíola in am trátha sula mbeidh na hinfheisteoirí miondíola sin faoi cheangal ag aon chonradh nó tairiscint a bhaineann leis an PRIIP sin. In aon chás ina soláthraíonn an comhairleoir airgeadais cumarsáid mhargaíochta maidir leis an PRIIP don infheisteoir miondíola ar pháipéar nó i bhformáid dhigiteach, soláthrófar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí don infheisteoir miondíola ag an am céanna ar a dhéanaí, mar aon le míniú ar chineál rialála an doiciméid sin.’;***

***(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:***

***“4. I gcás ina ndéantar idirbhearta comhleanúnacha a bhaineann leis an PRIIP céanna thar ceann infheisteora miondíola i gcomhréir le treoracha a thug an t-infheisteoir miondíola sin don duine atá ag díol an PRIIP roimh an gcéad idirbheart, is maidir leis an gcéad idirbheart amháin a bheidh feidhm ag an oibleagáid doiciméad faisnéise bunriachtanaí a sholáthar faoi mhír 1, agus cuirfear tuairisc mhionsonraithe ar fáil i gcás ina ndearnadh athbhreithniú ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí i gcomhréir le hAirteagal 10.***

***Ina theannta sin, sula ndéanfar síntiús breise, cuirfear an leagan athbhreithnithe is déanaí den doiciméad faisnéise bunriachtanaí ar fáil don infheisteoir miondíola arna iarraidh sin.’;***

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

‘Airteagal 14

(1) Soláthróidh an duine a thugann comhairle i ndáil le PRIIP nó a dhíolann PRIIP an doiciméad faisnéise bunriachtanaí d’infheisteoirí miondíola saor in aisce. Soláthrófar an fhaisnéis i bhformáid leictreonach, ach amháin má iarrann an t-infheisteoir miondíola an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a fháil ar pháipéar. Cuirfidh an duine a thugann comhairle i ndáil le PRIIP nó a dhíolann PRIIP na hinfheisteoirí miondíola ar an eolas faoina gceart an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a fháil ar pháipéar saor in aisce. ***Ní mór inneachar an doiciméid faisnéise bunriachtanaí i bhformáid leictreonach agus ar pháipéar a bheith mar an gcéanna, le hoiriúnuithe leormhaithe chun rochtain a ráthú ar an bhfaisnéis ábhartha uile dá dtagraítear ann.***

(2) Féadfar formáid leictreonach an doiciméid faisnéise bunriachtanaí a sholáthar trí uirlis idirghníomhach ***chun an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a dhéanamh níos sothuigthe agus níos éasca le léamh. Bunóidh an uirlis an fhaisnéis ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí nó ar an bhfaisnéis is bun leis agus d’fhéadfadh sé go mbeadh faisnéis á thaispeáint bunaithe ar shainroghanna pearsanta ar bhealach idirghníomhach.***

Leis an uirlis, urramófar na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní dhéanfaidh an uirlis idirghníomhach, ná úsáid na huirlise sin, athrú ar an tuiscint ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí;
(b) cuirfear an fhaisnéis bhunriachtanach uile i láthair;
(c) beidh rochtain éasca ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí trí nasc in aice leis an uirlis idirghníomhach, agus beidh an teachtaireacht seo a leanas ag gabháil leis an nasc ‘Moltar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a íoslódáil agus a stóráil’;

(d) leis an uirlis idirghníomhach, beidh infheisteoirí in ann costais a ionsamhlú le linn na tréimhse sealbhaíochta molta.

***(da) i gcás ina dtugann monaróir PRIIP raon roghanna maidir le hinfheistíochtaí don infheisteoir miondíola:***

***(i) léireofar san fhaisnéis an meascán roghanna infheistíochta atá á bhreithniú ag an infheisteoir miondíola;***

***(ii) Beidh rochtain éasca ar dhoiciméadacht na faisnéise réamhchonarthaí a bhaineann leis na sócmhainní foluiteacha infheistíochta lena dtacaítear leis na roghanna infheistíochta, trí nasc in aice na huirlise idirghníomhaí.***

I gcás ina soláthraítear an doiciméad faisnéise bunriachtanaí i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, féadfar a fhormáid a oiriúnú i gcomparáid le cur i láthair an doiciméid faisnéise bunriachtanaí dá dtagraítear in Airteagal 8.

(3) Tar éis dóibh tástáil tomhaltóirí a dhéanamh, forbróidh ÚMEnna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar na módúlachtaí chun an fhaisnéis a phearsantú dá dtagraítear i mír 2, an chéad fhomhír, agus na coinníollacha chun formáidiú na faisnéise, dá dtagraítear i mír 2, an dara fomhír, a oiriúnú.

Sa bhreis ar na módúlachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, áireofar sna caighdeáin theicniúla rialála na coinníollacha chun faisnéis bhunriachtanach don infheisteoir a phearsantú ar na bealaí seo a leanas:

(a) na coinníollacha maidir leis an bhfaisnéis a phearsantú chun gur féidir le hinfheisteoirí costais a ionsamhlú thar thréimhse shealbhaíochta atá éagsúil leis an tréimhse shealbhaíochta mholta;

(b) na coinníollacha maidir leis an bhfaisnéis a phearsantú chun gur féidir le hinfheisteoirí comparáid a dhéanamh idir PRIIPanna éagsúla;

(c) na coinníollacha maidir leis an bhfaisnéis a phearsantú chun go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas uirthi.

(4) Féadfar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a chur i láthair i bhformáid shrathach. Sa chás sin, beidh an deais dá dtagraítear in Airteagal 8(3), pointe (aa) sa chéad sraith.

(5) Cuirfear seoladh an tsuímh ghréasáin in iúl don infheisteoir miondíola go leictreonach nó i scríbhinn, mar aon leis an áit ar an suíomh gréasáin inar féidir rochtain a fháil ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí.

(6) Beidh ***rochtain éasca agus phoiblí ag gach infheisteoir miondíolaar an leagan is déanaí*** den doiciméad faisnéise bunraichtanaí ar shuíomh gréasáin an mhonaróra ***PRIIPanna agus, maidir leis na PRIIPanna ábhartha a dhíoltar nó atá faoi réir comhairle infheistíochta, ar shuíomh gréasáin an dáileora PRIIPanna.***

Beifear fós in ann ***an doiciméad faisnéise bunriachtanaí*** a íoslódáil agus a stóráil ar mheán marthanach, go ceann cibé tréimhse ama a mbeidh gá réasúnta ag an infheisteoir miondíola léi chun an fhaisnéis a léamh.

***Mura bhfuil an doiciméad faisnéise bunriachtanaí ar fáil ar shuíomh gréasáin an dáileora, cuirfidh an dáileoir é ar fáil laistigh de 2 lá oibre don infheisteoir miondíola arna iarraidh sin dó.***

I gcás ina mbeidh athbhreithniú déanta ag an monaróir PRIIP ar an doiciméad faisnéise bunriachtanaí dá dtagraítear in Airteagal 10, soláthróidh an monaróir PRIIP leaganacha roimhe sin ***den doiciméad*** d'infheisteoirí miondíola arna iarraidh sin dóibh.

***(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16(2), phointe (c):***

***'(c) nach ndearna údaráis inniúla gníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt, nach dtugann na gníomhaíochtaí a rinneadh aghaidh leormhaith ar an mbaol, nó go ndéantar an táirge lena mbaineann a mhargú i roinnt Ballstát, rud a fhágann gur deacair d'údarás dáileacháin an Bhallstáit baile maoirseacht a dhéanamh ar shaincheisteanna dáilte táirgí agus d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas monaraíochta.'.***

*Airteagal 2*

*Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón ... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 18 mí tar éis ***fhoilsiú na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 10(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó tar éis don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear in Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) Uimh 1286/2014 a ghlacadh, cibé acu is déanaí a tharlóidh]***.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>An tUachtarán | *Thar ceann na Comhairle*<br>An tUachtarán |
|---|---|

## IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas in ullmhú na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| EIOPA |
| ESMA |
| Commission |
| Insurance Europe |
| Amundi |
| AMF |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

## NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Teideal** | lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a mhéid a bhaineann leis an doiciméad faisnéise bunriachtanaí a nuachóiriú | | |
| **Tagairtí** | COM(2023)0278 – C9-0180/2023 – 2023/0166(COD) | | |
| **Dáta tíolactha chun Parlaimint na hEorpa** | 25.5.2023 | | |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ECON<br>10.7.2023 | | |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>10.7.2023 | IMCO<br>10.7.2023 | LIBE<br>10.7.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | ENVI<br>8.6.2023 | IMCO<br>28.6.2023 | LIBE<br>29.6.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Stéphanie Yon-Courtin<br>30.5.2023 | | |
| **Pléite sa choiste** | 20.9.2023 | 24.10.2023 | |
| **Dáta an ghlactha** | 20.3.2024 | | |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +:<br>–:<br>0: | 38<br>13<br>2 | |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Belka, Isabel Benjumea Benjumea, Gilles Boyer, Markus Ferber, Jonás Fernández, José Manuel García-Margallo y Marfil, Valentino Grant, Claude Gruffat, José Gusmão, Michiel Hoogeveen, Stasys Jakeliūnas, France Jamet, Othmar Karas, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtsos, Aurore Lalucq, Philippe Lamberts, Pedro Marques, Caroline Nagtegaal, Denis Nesci, Luděk Niedermayer, Lídia Pereira, Kira Marie Peter-Hansen, Sirpa Pietikäinen, Eva Maria Poptcheva, Antonio Maria Rinaldi, Dorien Rookmaker, Ralf Seekatz, Aušra Seibutytė, Pedro Silva Pereira, Inese Vaidere, Stéphanie Yon-Courtin, Marco Zanni | | |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Fabio Massimo Castaldo, Herbert Dorfmann, Eider Gardiazabal Rubial, Margarida Marques, Ville Niinistö, Henk Jan Ormel, Jessica Polfjärd | | |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alessandra Basso, Theresa Bielowski, Karolin Braunsberger-Reinhold, Isabel García Muñoz, Paola Ghidoni, Nicolás González Casares, Guy Lavocat, Maria Noichl, Nacho Sánchez Amor, Michaela Šojdrová, Kim Van Sparrentak, Carlos Zorrinho | | |
| **Dáta don chur síos** | 25.3.2024 | | |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 38 | + |
|---|---|
| ID | France Jamet |
| PPE | Isabel Benjumea Benjumea, Karolin Braunsberger-Reinhold, Herbert Dorfmann, Markus Ferber, José Manuel García-Margallo y Marfil, Othmar Karas, Luděk Niedermayer, Henk Jan Ormel, Lídia Pereira, Sirpa Pietikäinen, Jessica Polfjärd, Ralf Seekatz, Aušra Seibutytė, Michaela Šojdrová, Inese Vaidere |
| Renew | Gilles Boyer, Fabio Massimo Castaldo, Billy Kelleher, Ondřej Kovařík, Georgios Kyrtsos, Guy Lavocat, Caroline Nagtegaal, Eva Maria Poptcheva, Stéphanie Yon-Courtin |
| S&D | Marek Belka, Theresa Bielowski, Jonás Fernández, Isabel García Muñoz, Eider Gardiazabal Rubial, Nicolás González Casares, Aurore Lalucq, Margarida Marques, Pedro Marques, Maria Noichl, Nacho Sánchez Amor, Pedro Silva Pereira, Carlos Zorrinho |

| 13 | - |
|---|---|
| ECR | Dorien Rookmaker |
| ID | Alessandra Basso, Paola Ghidoni, Valentino Grant, Antonio Maria Rinaldi, Marco Zanni |
| The Left | José Gusmão |
| Verts/ALE | Claude Gruffat, Stasys Jakeliūnas, Philippe Lamberts, Ville Niinistö, Kira Marie Peter-Hansen, Kim Van Sparrentak |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Denis Nesci |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh